ACMHAINN 7

Foinse: Fondation Jean Monnet pour l'Europe, Lausanne

Is siombal é an tinne iarainn seo ó 1953 do Phlean Schuman, smaoineamh a chuir Robert Schuman, aire gnóthaí eachtracha na Fraince, chun cinn an 9 Bealtaine 1950. Mhol a phlean go gcruthófaí Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus go ndéanfadh na Ballstáit – an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin Thiar, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír, a dtáirgeadh guail agus cruach a chomhthiomsú. Measadh gur bhealach riachtanach é seo chun cogadh eile idir an Fhrainc agus an Ghearmáin a sheachaint mar chuir sé deireadh leis an iomaíocht le haghaidh acmhainní nádúrtha, go háirithe i réigiún an Ruhr . Ba é an comhréiteach an bealach chun cinn.

- Faigh amach conas a litrítear an focal 'Eoraip' de ghnáth i dteangacha na sé thír a bhunaidh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach. Ansin, tabhair faoi deara an tslí ina litrítear an focal 'Eoraip' ar an tinne a thaispeántar san íomhá seo. An féidir leat smaoineamh ar mhíniú ar cén fáth a litrítear mar sin é?

Tionscadal de chuid Pharlaimint na hEorpa